Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14023/23**

**ECOFIN 1011**
**UEM 293**
**AGRISTR 53**
**PECHE 429**
**CADREFIN 137**
**SOC 671**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 571 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Meastóireacht ex-post ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 571 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 571 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.10.2023
COM(2023) 571 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Meastóireacht ex-post ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach**

{SWD(2023) 322 final}

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Meastóireacht ex-post ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach**

## RÉAMHRÁ

Tá athchóirithe struchtúracha riachtanach chun geilleagair a nuachóiriú, infheistíocht a spreagadh, poist a chruthú agus caighdeáin mhaireachtála a ardú. Próisis chasta atá in athchóirithe mar gheall ar a gcineál féin.

I mí na Bealtaine 2017 glacadh Rialachán (AE) 2017/825 maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach ('Rialachán SRSP'). Bhí sé beartaithe mar uirlis chun tacaíocht theicniúil a sholáthar d'údaráis náisiúnta agus chun cuidiú leis na Ballstáit athchóirithe struchtúracha institiúideacha, riaracháin agus fáschothaitheacha a dhearadh agus a chur chun feidhme.

Bhí os cionn EUR 222.8 milliún sa bhuiséad don Chlár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach ('an clár' nó 'SRSP') thar 2017-20. Ba í an tSeirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (SRSS) a bhainistigh an clár agus, an 1 Eanáir 2020, rinneadh Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (AS REFORM) di.

## MODHEOLAÍOCHT

Rinne conraitheoir seachtrach neamhspleách staidéar meastóireachta chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht ex-post ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach. Rinneadh an staidéar thar thréimhse 11 mhí, ag tosú an 11 Deireadh Fómhair 2021. Áiríodh leis 826 thionscadal arna maoiniú ag SRSP ó 2017 go 2020, lenar cumhdaíodh tairbhithe i ngach Ballstát.

D'úsáid an conraitheoir modheolaíocht chasta i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir le Rialáil Níos Fearr chun fianaise láidir a bhailiú, ina raibh taighde fairsing deisce (lena n-áirítear faisnéis Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a baineadh as a huirlis faireacháin inmheánaigh, agus sonraí inti suas go dtí mí na Samhna 2021), gníomhaíochtaí comhairliúcháin le páirtithe leasmhara (agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara, comhairliúchán poiblí oscailte, suirbhé ar phríomhpháirtithe leasmhara agus grúpaí fócais), agus cás-staidéir mhionsonraithe (30 tionscadal in 8 mBallstát, agus 1 tionscadal ilnáisiúnta lenar cumhdaíodh 17 mBallstát.)

Rinne an conraitheoir na cúraimí go léir faoi ghrinnscrúdú grúpa stiúrtha idirsheirbhíse agus faoi threoraíocht Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach. Measadh go raibh cáilíocht agus ionadaíocht na fianaise a bailíodh láidir agus fiúntach, rud a chuir ar ár gcumas teacht ar chonclúidí agus freagraí iontaofa agus bailí a sholáthar ar na ceisteanna meastóireachta.

## NA PRÍOMHTHORTHAÍ

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, cuirtear meastóireacht ex-post SRSP in iúl thart ar na cúig chritéar seo a leanas:

- **Ábharthacht**

- **Éifeachtacht**
- **Éifeachtúlacht**
- **Comhleanúnachas** (comhsheasmhacht)
- **Breisluach AE** (luach atá sa bhreis ar an méid a bheadh cruthaithe murach sin ag tíortha an Aontais Eorpaigh agus iad ag gníomhú ina n-aonar)

**An cuspóir ginearálta**

Ba é an cuspóir ginearálta do SRSP cur le hathchóirithe struchtúracha institiúideacha, riaracháin agus fáschothaitheacha sna Ballstáit trí thacaíocht a sholáthar d'údaráis náisiúnta. Dearadh an tacaíocht freisin chun cuidiú leis na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro ullmhú do bhallraíocht a ghlacadh sa limistéar euro.

Ar an iomlán, de réir na fianaise a bhí ar fáil, d'éirigh le cur chun feidhme SRSP maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas. Fuarthas freisin go raibh an clár thar a bheith ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-údarás is tairbhithe agus na mBallstát agus go raibh 'breisluach AE' leis.

**Éifeachtacht**

D'éirigh leis an gclár a chuspóir ginearálta a bhaint amach agus tá an clár oibre um athchóiriú sna Ballstáit curtha chun cinn go suntasach leis. Bhí baint amach iarbhír na gcineálacha éagsúla athchóirithe ag brath freisin ar iarrachtaí i gcoitinne na mBallstát agus ní ar thorthaí clár agus ionstraimí eile de chuid an Aontais amháin.

I gcás nár cruthaíodh leis na tionscadail na torthaí agus na tionchair iomlána a bhí beartaithe, tagann sé sin de ghnáth leis na dúshláin níos leithne sa phróiseas athchóirithe seachas aon laigí bunúsacha sna tionscadail nó i soláthar tacaíochta teicniúla. Tá coinne leis, áfach, go mbeidh níos mó tionchair bheartais ann amach anseo, toisc go raibh thart ar aon trian de na tionscadail mheastóireachta go léir fós ar siúl le linn an staidéir meastóireachta ex-post.

Ina theannta sin, rinneadh moltaí ó roinnt tionscadail SRSP a chomhtháthú mar gharspriocanna sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, ag áirithiú go mbeadh tionchar ann nuair a bheadh na garspriocanna críochnaithe[1]. Dá bhrí sin, bheadh gá le níos mó ama chun go dtarlódh na torthaí agus na tionchair a bhfuil coinne leo, mar gheall ar an slabhra loighciúil fada idir soláthar tacaíochta teicniúla agus na torthaí/tionchair atá measta.

Tá rannpháirtíocht ghníomhach na n-údarás is tairbhithe agus a n-úinéireacht ar na tionscadail ríthábhachtach chun na torthaí a bhaint amach. Tá an rannpháirtíocht sin riachtanach, ní hamháin le linn chur chun feidhme agus obair leantach an tionscadail, ach freisin sa chéim réamh-chur chun feidhme, i gcomhthéacs cuspóirí agus amlínte an tionscadail a shainiú, úinéireacht a chruthú agus an tiomantais d'athrú.

Agus tacaíocht theicniúil á sú isteach agus a moltaí á gcur chun feidhme, ní raibh acmhainneacht leordhóthanach riaracháin ag na húdaráis is tairbhithe uaireanta, rud a chuaigh i gcion ar reáchtáil rianúil na dtionscadal tacaíochta teicniúla agus ar chur chun feidhme na moltaí a bhí mar thoradh air sin. Cé nach gciallaíonn soláthar tacaíochta teicniúla costais do na húdaráis is tairbhithe, uaireanta ní raibh acmhainní airgeadais leordhóthanacha acu chun moltaí tionscadail agus na hathchóirithe gaolmhara a chur chun feidhme.

[1] Glacadh Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i mí Feabhra 2021; faoin am sin, bhí a dtorthaí a raibh coinne leo bainte amach maidir le go leor de na tionscadail arna maoiniú ag SRSP agus soláthraíodh moltaí leo a bhí ríthábhachtach maidir le garspriocanna agus spriocanna i bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a shainiú.

Ar an iomlán, is annamh a cuireadh gníomhaíochtaí cumarsáide san áireamh i ndearadh tionscadail, d'ainneoin méadú ar an líon tionscnamh cumarsáide i mbabhtaí 2019 agus 2020 den chlár. Nuair a bhíothas i mbun rannpháirtíochta agus cumarsáide le páirtithe leasmhara seachtracha agus an tacaíocht theicniúil á soláthar, áfach, bhí sé sin ríthábhachtach, toisc gur chuidigh cur chun feidhme éifeachtach na ngníomhaíochtaí sin le dlisteanacht, cáilíocht agus inbhuanaitheacht na n-athchóirithe a mhéadú agus le frithsheasmhacht eagraíochtúil i gcoinne athruithe a laghdú.

## Éifeachtúlacht

D'éirigh le SRSP maidir le go leor iarrataí ar ardchaighdeán a mhealladh i gcoibhneas leis an mbuiséad a bhí ar fáil. Ina theannta sin, bhíothas ábalta tacaíocht a fháil ón gclár do thionscadail de mhéid agus de bhuiséad a bhí ag méadú, rud a mhéadaigh an acmhainneacht go mbeadh tionchar níos mó ag na tionscadail. Le méadú ar an éileamh ar thacaíocht theicniúil i measc na mBallstát agus leibhéal leordhóthanach iomaíochta i measc iarrataí SRSP cuireadh ar a gcumas do na húdaráis tograí ar ardchaighdeán a roghnú.

D'aontaigh páirtithe leasmhara an chláir den chuid ba mhó – lena n-áirítear údaráis is tairbhithe, údaráis chomhordúcháin agus soláthraithe – go raibh an ranníocaíocht airgeadais ó SRSP i gcomhréir le riachtanais agus raon feidhme measta na tacaíochta teicniúla agus mheas siad go raibh tionscadail SRSP ina n-uirlis chostéifeachtach atá éasca le húsáid. Bhí costais na rialuithe ar íocaíochtaí bliantúla iomlána ag Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach inchomparáide le cláir eile de chuid an Aontais faoi mhodh bainistíochta dírí. Bhain Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach torthaí maithe amach maidir le buiséad SRSP a chur i gcrích.

Go sonrach, cuireadh measúnú agus roghnú na n-iarrataí ar thacaíocht theicniúil i gcrích in am agus i gcomhréir leis an sprioc a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais, i gcomparáid le cláir eile de chuid an Aontais. Ós rud é go raibh práinn leis an athchóiriú ar cheann de na critéir roghnúcháin maidir le tionscadal a mhaoiniú faoin SRSP, bhí na Ballstáit ag súil go mbeadh gach tionscadal ar siúl chomh luath agus a b'fhéidir, chun a áirithiú go mbeadh na hathchóirithe ábhartha i gcónaí agus go gcuirfí chun feidhme in am iad.

Bhí na páirtithe leasmhara a bhí páirteach sa chlár dearfach den chuid bá mhó maidir le soiléireacht, trédhearcacht agus áisiúlacht nósanna imeachta riaracháin SRSP agus comhréireacht an ualaigh riaracháin. Baineann réimse amháin ba cheart a fheabhsú leis an ngá le cleachtais faireacháin agus meastóireachta tionscadal a fhorbairt agus a bheachtú tuilleadh.

Rinne Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach comhordú éifeachtúil agus éifeachtach ar an tacaíocht theicniúil a tugadh do na Ballstáit le ranna eile de chuid an Choimisiúin. De réir an staidéir, áfach, d'fhéadfadh comhar níos dlúithe a bheith ann le ranna eile de chuid an Choimisiúin in 2017-20 maidir leis na haschuir ón tacaíocht theicniúil a scaipeadh agus leas a bhaint astu, a luaithe a bheadh na tionscadail tugtha chun críche.

## Comhleanúnachas

Meastar gur uirlis bheartais chomhleanúnach é SRSP lena mbaineann loighic inmheánach shoiléir, go bhfuil sé ailínithe go maith leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán SRSP, agus go bhfuil sé gan aon bhearnaí móra, neamhréireachtaí móra ná forluí mór i struchtúr inmheánach na dtionscadal. Mar gheall ar dhearadh an chláir, bhí solúbthacht shuntasach ann agus gníomhaíochtaí tionscadail á roghnú ar fearr saincheaptha iad do chuspóirí sonracha an tionscadail agus do riachtanais na dtairbhithe.

Rinneadh struchtúr agus gníomhaíochtaí SRSP a choigeartú le himeacht ama chun freagairt ar bhealach níos fearr ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus chun a chuspóirí a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí, e.g., trí ghlaonna tiomnaithe ar iarrataí a thabhairt isteach lena bhfreastalaítear ar riachtanais nua na mBallstát a bhí ag teacht chun cinn. Mar gheall ar chineál scoite na dtionscadal, áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hiarracht bhreise chun aschuir tionscadail a scaipeadh agus leas a bhaint astu i measc lucht spéise níos leithne, ionas gur féidir tionchar níos mó a chruthú.

Léirítear le fianaise freisin go raibh SRSP an-chomhsheasmhach le cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais (lena n-áirítear CSE, CFRE, Fís 2020, COSME, Fiscalis), chomh maith le cláir agus ionstraimí na mBallstát féin. B'amhlaidh é sin toisc gur tugadh aghaidh leis ar ghnéithe éagsúla de chuspóirí, de shaincheisteanna agus de spriocghrúpaí comhchosúla. Agus téamaí comhchoiteanna acu le cláir eile de chuid an Aontais, chuir na tionscadail arna maoiniú ag SRSP leis na tionscadail sin den chuid is mó trí thacaíocht theicniúil shaincheaptha a sholáthar d'údaráis náisiúnta i réimsí sonracha earnála.

I dtéarmaí cuspóirí comhsheasmhacha, treisíodh le SRSP cláir oibre athchóirithe níos leithne na mBallstát agus an Aontais, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha a rinneadh mar chuid de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Go ginearálta, ba mhór ag páirtithe leasmharaSRSP rannchuidiú an chláir le próiseas an tSeimeastair. I roinnt cásanna, chuidigh na tionscadail arna maoiniú ag SRSP le sainmhíniú, soiléiriú agus oibríochtú níos fearr a dhéanamh ar na moltaí tírshonracha, agus le treoirlínte sonracha a sholáthar do na Ballstáit lena gcur chun feidhme. I gcásanna eile, baineadh úsáid as torthaí tionscadal arna maoiniú ag SRSP chun na moltaí sin a cheapadh.

Cé go raibh sásraí leordhóthanacha ann ar an iomlán chun na naisc agus an comhtháthú idir SRSP agus próiseas an tSeimeastair Eorpaigh/moltaí tírshonracha a áirithiú, léiríodh sa staidéar tacaíochta maidir leis an meastóireacht ex-post nach ndearnadh faireacháin leordhóthanach ar an dóigh ar chuir na tionscadail arna maoiniú ag SRSP leis na moltaí tírshonracha a chomhlíonadh. Bhí easpa tagairtí freisin do thionscadail SRSP i dtuarascálacha tíre an tSeimeastair Eorpaigh.

**Breisluach AE**

Chuir SRSP an méid sin ar fáil trí rochtain níos fearr a thabhairt do na Ballstáit ar shaineolas idirnáisiúnta ná mar a bheadh acu in éagmais SRSP. Fiú sna cásanna teoranta ina bhféadfaí tairbhí tionscadail a chur i gcrích gan tacaíocht theicniúil ón Aontas, bheadh siad sin i bhfad níos lú ó thaobh scóipe de nó chuirfí i gcrích níos déanaí iad. Mar thoradh air sin, baineadh amach breisluach AE ó thaobh na bpróiseas athchóirithe neartaithe sna Ballstáit agus ó thaobh rannchuidiú neartaithe le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach, go háirithe cuspóirí an tSeimeastair Eorpaigh.

Bhí tionchair shuntasacha trasteorann ag SRSP, ar fud an Aontais, a chuaigh níos faide ná Ballstáit aonair. I measc na dtionchar sin bhí cuidiú leis na Ballstáit beartais agus tosaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme go náisiúnta, lena n-áirítear luachanna Eorpacha a chur chun cinn, chomh maith le cuidiú leo dea-chleachtas a roinnt eatarthu féin. Go ginearálta, d'úsáid na tairbhithe na dea-chleachtais agus na ceachtanna a foghlaimíodh go gníomhach i ndiaidh dheireadh na dtionscadal ábhartha arna maoiniú ag SRSP.

**Ábharthacht**

Fuarthas gur ionstraim an-ábhartha é SRSP, atá saincheaptha go maith chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí riaracháin na mBallstát na hathchóirithe is gá a cheapadh agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn rompu.

D'fhéach na húdaráis is tairbhithe agus páirtithe leasmhara eile go dearfach ar na gnéithe éagsúla de dhearadh agus struchtúr SRSP agus a ábharthacht maidir leis na spriocanna athchóirithe a bhaint amach. Ag an am céanna, comhfhreagraíonn cuspóirí na dtionscadal tacaíochta teicniúla den chuid is mó do na príomhspriocanna agus na príomhdhúshláin athchóirithe a bhíonn roimh na Ballstáit.

Bhí an tacaíocht theicniúil a soláthraíodh le SRSP thar a bheith ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-údarás is tairbhithe agus na mBallstát, i dtéarmaí an mhodha cur chun feidhme (i.e. soláthraithe tacaíochta teicniúla idirnáisiúnta arna bhfoinsiú ag an gCoimisiún) agus cineál na tacaíochta a soláthraíodh (i.e. curtha in oiriúint do riachtanais gach údaráis is tairbhithe). Leis an gclár, comhlíontar – ar bhealach uathúil, éifeachtach agus éifeachtúil – an ga atá ag na mBallstát rochtain a fháil ar shaineolas idirnáisiúnta ardleibhéil agus athchóirithe á ndearadh nó á gcur chun feidhme acu.

Ag an am céanna, i gcás inar úsáideadh SRSP i gcáil éigeandála ní raibh sé chomh oiriúnach sin chun déileáil le hathchóiriú ná le forbairt acmhainní ar an talamh, ós rud é go raibh sé srianta mar gheall ar an amchlár a leagadh síos sna glaonna ar iarrataí.

D'ainneoin go bhfuair siad ranníocaíocht SRSP le blianta fada, bhí an tacaíocht theicniúil a soláthraíodh leis an gclár fós de dhíth ar na húdaráis is tairbhithe. Léiríodh an gá atá ag méadú le tacaíocht theicniúil freisin i bhfianaise an mhéadaithe ar an líon iarrataí ó na Ballstáit agus an mheánbhuiséid atá ag méadú maidir leis na tionscadail.

**PRÍOMHCHEACHTANNA FOGHLAMTHA**

Foghlaimíodh na príomhcheachtanna seo a leanas ó chur chun feidhme SRSP. Trí na ceachtanna sin a chur i bhfeidhm is féidir cuidiú le feabhas a chur ar dhearadh agus ar bhainistiú na gclár amach anseo chun tacaíocht theicniúil a sholáthar. Déantar na ceachtanna a ghrúpáil de réir an ábhair. **Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara**

- Bhí **cumarsáid ghníomhach le páirtithe leasmhara seachtracha agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara seachtracha** ríthábhachtach agus tacaíocht theicniúil á soláthar: méadaíodh léi dlisteanacht, cáilíocht agus inbhuanaitheacht na n-athchóirithe agus laghdaíodh léi an fhrithsheasmhacht eagraíochtúil in aghaidh athruithe.
- Bhí **rannpháirtíocht na n-údarás is tairbhithe** ríthábhachtach i gcur chun feidhme na dtionscadal tacaíochta teicniúla agus sa phróiseas athchóirithe, chun cur chun feidhme níos rianúla na dtionscadal agus a dtorthaí a éascú.
- Bhí **dlúth-rannpháirtíocht na n-údarás comhordúcháin náisiúnta** tábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscadal tacaíochta teicniúla, ag plé a ndul chun cinn agus ag déanamh gníomhaíocht leantach chun na haschuir a úsáid i ndiaidh chur i gcrích an tionscadail.

**An ghné trastíre**

- Ba phríomhghné den chlár é rochtain ar **shaineolas idirnáisiúnta** a sholáthar do na Ballstáit nach mbeadh rochtain acu air murach sin.
- Soláthraíodh bonn le **malartuithe na státseirbhíseach** maidir le húsáid níos fearr a bhaint as comhairle idir piaraí laistigh de riaracháin náisiúnta amach anseo. Bhí eolas carntha na státseirbhíseach sna Ballstáit ina chomhthiomsú ollmhór saineolais agus scileanna.

- Trí thorthaí na **dtionscadal tacaíochta teicniúla** a scaipeadh laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát, spreagadh comhroinnt agus athdhéanamh an dea-chleachtais.
- Bhí **gné thrasnáisiúnta** an chláir – mar shampla trí thionscadail a thacaíonn le roinnt Ballstát agus trí thorthaí a scaipeadh ar lucht spéise níos leithne ar bhealach níos fearr – ríthábhachtach maidir le 'breisluach AE' a neartú.

**Ról éascaitheora an Choimisiúin Eorpaigh**

- **Trí chastacht** na dtionscadal tacaíochta teicniúla **a laghdú**, bhí a gcur chun feidhme níos éasca agus níos éifeachtaí.
- Mar thoradh ar an acmhainneacht réitigh shaincheaptha a sholáthar, bhí na hualaí riaracháin íseal ar na húdaráis is tairbhithe agus tugadh treoraíocht leanúnach dóibh, agus chuidigh sé leis na hathchóirithe a éascú agus a dhlisteanú.
- Bhí ról luachmhar ag an gCoimisiún maidir le **comhar a éascú idir údaráis is tairbhithe ionchasacha** i mBallstáit éagsúla a raibh riachtanais agus tosaíochtaí comhchosúla acu.

**Cur chun feidhme éifeachtach athchóirithe agus comhordú le próisis eile de chuid an Aontais**

- Leis an **bhfaireachán agus an meastóireacht** fheabhsaithe cuireadh le cur chun feidhme níos éifeachtúla an chláir agus rinneadh na haschuir tacaíochta teicniúla a scaipeadh ar bhealach níos fearr agus baineadh leas astu ar bhealach níos fearr. Le córas láidir faireacháin d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí agus na n-athchóirithe chomh maith lena n-inbhuanaitheacht le himeacht ama.
- Nuair a bhí sé i bhfeidhm, ba shuntasaí **faireachán ar ranníocaíocht SRSP le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh** agus comhlíonadh moltaí tírshonracha faoi leith i gcomhthéacsanna náisiúnta sonracha chun tuiscint a fháil ar na rudaí a d'oibrigh go maith agus na rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú.
- Bhí tacaíocht theicniúil ríthábhachtach freisin i réimsí nach mbíonn ábhar na hiarrata chomh rialta céanna, amhail cúnamh chun **reachtaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme**.

**An Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil**

In 2021 tháinig an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil in ionad SRSP mar an príomhchlár chun tacaíocht theicniúil a sholáthar in 2021-27.

Ceapadh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ar bhonn roinnt moltaí a moladh i meastóireacht mheántéarma SRSP agus cuireadh roinnt de na conclúidí ón meastóireacht ex-post sin san áireamh, amhail rannpháirtíocht níos gníomhaí na bpáirtithe leasmhara, fócas níos déine ar an ngné thrasnáisiúnta agus aird mhéadaithe ar fhaireachán agus ar mheastóireacht.